

Súil ghéar, croí cróga – ómós do Merata Mita, scannánadóir Māori

le Ruth Nic Giolla Iasachta

Cuireann sé sceitimíní orm bheith ag snámh in aghaidh an easa. Tugann sé misneach agus neart duit. Tá mé go hiomlán saor ón bhfaitíos anois. – Merata Mita (Ngāti Pikiao/ Ngāi te Rangi)

Tar éis maidine bháistigh, glanadh na spéire os cionn cathair Auckland, nó Tamaki Makau Rau sa teanga Māori. Thuas ag Orakei marae (teach an phobail Māori), bhí grúpaí beaga daoine ag cruinniú, ag beannú a chéile, agus ag fanacht ar a gcarad. Agus an tráthnóna ag dul ar aghaidh, d'fhás líon na ndaoine, tagtha ó chian is ó chónagar- cairde, comhghleacaithe san earnáil fise, agus baill den phobail ar mhaith leo a gcuid ómós a chur in iúl don scannánadóir Merata Mita.

Comment [r1]: Describing the gathering at Orakei marae, waiting through the sunset for the arrival of Merata Mita's tupapaku.

B'ar thairseach Māori Television a bhfuair Merata Mita bás ar an 31ú Bealtaine 2010, in aois a hocht mbliana is seasca di, nuair a theip ar a croí gan choinne. Bhí sí tar éis breathnú ar gharbheagar dá clár fáisnéise ba dheireanaí, 'Saving Grace', saothar atá tábhacht agus grá na bpáistí mar théama aige – freagra ealaíonta agus pearsanta ar chásanna drochíde linbh a tháinig chun solais sa Nua Shéalainn ar na mallaibh.

Comment [r2]: Explaining that she collapsed on the steps of Māori Television after a meeting about her latest documentary.

Is iad na scannáin fáisnéise is mó a sheasann amach i measc na 30 mórthograí a d'oibrigh Mita orthu le 30 bliana. An chéad scannán a rinne sí a raibh iomrá mar gheall air ná 'Bastion Point: Day 507' (1980), a léirigh díshealbhú an treabh Ngāti Whātua ón a gcuid talún i Takaparawhau (nó Bastion Point, i mBéarla) i 1978. Bhí an Rialtas ag iarraidh an talamh a fhoroinnt agus úsáid a bhaint as, ach níorb leosan é. D'fhan muintir de chuid Ngāti Whātua san áit, chun a ngearán a chur in iúl. Eagraithe go síochánta ag gníomhairí pobail ar nós Joe Hawke, tosaíodh an áitiú, cuireadh síolta, agus tógadh marae agus botháin bheaga. Mhair an fheachtas shíochánta sin 507 lá, agus cuireadh deireadh leis ar an 25ú Bealtaine 1978, nuair a tháinig 800 póilíní agus an airm chun na foirgnimh a scriosadh agus na daoine a dhíbriú amach. D'úsáid fórsaí an Rialtais foiréagan i gcoinne lucht na hagogíde, agus gabhadh 222 daoine. B'shin an lá a rinne Mita an taifeadadh, mar cuireadh glaoch uirthi teacht chuig an áit le ceamara. Tháinig sí ar an láthair díreach agus an díshealbhú ar siúl. Feictear tranglam agus éagóir imeachtaí an lae sa scannán. Dar le Mita, bhí stíl éagsúil ag an scannán fáisnéise sin a bhí ina "mhalairt" ar chlár fáisnéise teilifíse: "Léirítear dearcadh claonta, níl go leor tráchtairreachta, agus cuirtear béim ar an dul thar fóir maidir leis na bpóilíní agus an bhfórsa míleata. Seo an stíl a gcloím leis, mar is é an bealach is fearr le cur chuige Māori ó thaobh na scannánaíochta de."

Comment [r3]: Reflecting on the documentary films she had made, and the social impact of events at that time – a quote about the style and deliberate absence of voice-over in Bastion Point Day 507.

Sna 80í, ghabh Rialtas na Nua Shéalainne a leithscéal le Ngāti Whātua, agus tugadh an talamh ar ais don treabh sin, chomh maith le cúiteamh, mar chuid den phróiseas réitigh Conradh Waitangi.

[Sin Conradh a síníodh i 1840, a leag amach cearta an dá phobal (na dúchasaigh agus na cóilínigh) agus an gaol eadarthu. Níor chloigh na Breatanaigh leis ar feadh tamall fada, ach ní dhearna na Māori dearmad air, agus ó 1986 ar aghaidh, tá an Conradh á úsáid ag an stáit mar chineál **bunreacht**.]

Comment [r4]: Follow-up to the Orakei dispute and reference to Treaty of Waitangi.

Ó bharr an chnoic céanna, ag Orakei, chonaiceamar dul faoi na gréine geal lándaite ar chuan Waitemata. Dúradh linn go raibh corp Merata Mita á iompar chuig an marae, i dteannta a muintir. D'imigh an solas, agus d'fhan muid ag fanacht sa bhfuacht. Rinneadh dhá líne taobh amuigh den mharae, réidh chun fáilte a chur roimh whānau [mhuintir] Mita, a clann, agus a garpháistí. Tháinig an cónra, agus lean muid isteach sa mharae é, áit a thug cairde Mherata Mita moladh **mairbh**.

Comment [r5]: Description of the mourners welcoming Merata Mita in the dark.

Dar le Tearepa Kahi, scríbhneoir agus scannánadóir atá faoi chomaoín ag Merata Mita as an tacaíocht a thug sí dó, d'úsáid an bhean usail seo a ceamara mar a úsáideadh a sinsear a gcuid *patu* agus *mere* – mar ghléas troda agus mar chomhartha measa. Fuair Merata Mita oráidí óna comhghleacaithe san earnáil teilifíse agus scannáin Tainui Stephens agus Waihoroi Shortland chomh maith. Labhair Joe Hawke fúithí agus an chaoi ar fhill sí ón Astráil chun tacú le Ngāti Whātua. Ghabh sé buíochas le muintir Mita (Ngāti Pikiao/ Ngāi te Rangi) a lig léi oíche amháin a chaitheamh i marae Oraeki sular aistríodh an corp ar aghaidh go dtí marae Pukehina Marae le haghaidh an tangi [sochraid] agus an nehu **adhlacadh**.

Comment [r6]: Mentions the speeches and tributes from Joe Hawke, Tearepa Kahi, Tainui Stephens and Waihoroi Shortland.

Duine paiseanta

Dar leis na cainteoirí uilig, ba dhuine gníomhach paiseanta í Merata Mita, a sheas le cearta Māori agus dul chun cinn sóisialta. Bhí an t-ádh liomsa éisteach léi ag caint an bhliain seo caite san áit chéanna, i marae Orakei, le linn comhdháil bhliantúil Ngā Aho Whakaari (ceardchumann Māori san earnáil léiriúcháin). Labhair Mita faoi thábhacht déantúsaíocht scannán do dhaoine dúchasacha, agus go mbeadh siad saor cead a gcinn a thabhairt dá scéalta, gan fhaitíos a bheith orthu dul i muinín cur chuige éagsúil ó thaobh stíle nó léiriúcháin de. Ag tagairt do *'Bastion Point: Day 507'*, rinne sí beag den pháirt a ghlac sise ann, ag rá: "tháinig an scannán sin ó áit eile. Is le muintir Ngāti Whātua é, **dáiríre**."

Comment [r7]: Comments on the speech Merata Mita made in that same marae during the Ngā Aho Whakaari conference last year.

Bean fhláithiúil, spreagúil ab ea í. Dar le Joanna Paul, craoltóir aitheanta, ba ar thograí de chuid Mita a thosaigh go leor den ghlúin úr Māori ag obair san earnáil scannán agus teilifíse: "Tá neart daoine faoi chomaoín aici maidir lena gcuid slite beatha." Dúirt Claudette Hauiti, leas-chathaoirleach Ngā Aho Whakaari, gur dhíchuir Merata Mita go leor bacanna prifisiúnta agus

sóisialta: “Léirigh Merata stair na tire seo trí shúile agus trí lionsa **Māori**.”

Comment [r8]: Tributes from other screen professionals, Joanna Paul and Claudette Hauiti.

Bhí mianach na mná seo léir don tsaol mór chomh maith. Tháinig ráiteas poroporoaki [moladh mairbh] amach ó pheann an Aire Cúrsaí Māori, an Dr Pita Sharples, ag moladh an scannánadóir as an dul chun cinn a bhain sí amach do dhaoine Māori agus do mhná i gcoitinne. Níos luaithe i mbliana, bronnadh CNZM (Companion of the Order of New Zealand Merit) ar Merata Mita as a gcuid oibre sa tionscadal scannán. Aithnítear í go hidirnáisiúnta chomh maith, agus scríobh an tOllamh Lilikala Kameelehewa ó Ollscoil Hawai'i píosa i gcuimhne dona hiarchomhghleacaí **teagaisc**.

Comment [r9]: Reference to national honours received by Merata Mita, and tribute from dr Pita Sharples.

Cúlra

Rugadh Merata Mita ar an 19ú Meitheamh 1949, an tríú pháite i gclann naonúr. D'fhás sí aníos i Maketu, sa Bay of Plenty in iarthar an Oileán Thuaidh. Tógadh go traidisiúnta í, mar a bhí coitianta faoin tuath ag an am sin. Thosaigh sí ag obair mar mhúinteoir tíos sna 70í i Kawerau College, áit a chas sí ar scannán agus fiseáin chun suim a cuid daltaí a spreagadh. Mhéadaigh a suim fhéin iontu, agus chuaigh sí le léiriúchán. Ar dtús, fuair sí post mar chomhairleoir cultúrtha do léiriúcháin Pākehā (daoine geala de bhunadh na Nua Shéalainne), agus ba mhinic a d'oibrigh sí taobh le fir, mar bhí sé niso éasca trealamh agus maoiniú a fháil sa chaoi **sin**.

Comment [r10]: Overview of Merata Mita's early life and career.

Obair

Ach níorb fhada gur feiceadh don bhean óg nárb leor an tsórt oibre seo. Ag deireadh na 70í, bhí sí ag éirí bréan de na teorainn a bhí curtha roimpi mar bhean agus mar Māori. De ghnáth, bhíodh Māori mar chomhairleoir, agus ní mar stiúrthóir, mar shampla. Thosaigh Mita ag déanamh tuairiscí agus láithriú ar *Koha*, ceann des na chéad chláracha Māori ar TVNZ (Television New Zealand) sna 80í. Tá sé ráite aici faoin am sin ag TVNZ gurb minic go raibh sé “domheanmnúil”, a bheith mar mhionlach ‘ciúin’ istigh in institiúid **mhór**.

Comment [r11]: Her frustration with aspects of TVNZ in the 1980s.

Murab ionainn agus an chaoi a bhí cúrsaí in Éirinn ó thaobh craoltóireacht sa mhionteanga de, níorb cloiseadh mórán i te reo Māori ar raidió nó ar theilifís na Nua Shéalainne go dtí na 90í. Ar aon dul leis sin, ní go ró-mhínic a bhfeiceadh léargas Māori nó scéal Māori sna meáin chraolta ach an oiread. Leis an gclár *Koha*, agus an clár nuachta *Te Kāreere*, bhí seans ag Māori labhairt amach go díreach chuig a bpobail fhéin, gan a bheith buarth faoi mhianta an tromlaigh. Ach cé go

raibh raibh daoine díograiseacha ag obair orthu, bhí teorainn lena n-éifeacht, mar níorb iontu ach níos lú ná 2% d'ábhar craolta TVNZ san **iomlán**.

Comment [r12]: Explanation for Irish readers about how te reo was treated in the NZ media at that time.

Saothair Fáisnéise

Agus í ag obair do TVNZ, bhí Merata airdeallach ar a raibh ag titim amach sa saol mór. I 1981, bhris agóidí amach mar gheall ar thuras rugbaí na Springboks chuig an Nua Shéalainn. Toisc go raibh cinédheighilt i réim san Afraic Theas ag an am, diúltaíodh do himreoirí nach raibh craiceann geal acu imirt sa chomórtas. Iarradh ar an New Zealand Rugby Football Union agus Rialtas na tíre gan na Springboks a ligeant isteach sa tír, ach níor éist siad. Mar sin, eagraíodh mórshuíil agus agóidí síochánta ag grúpaí frith-chinédheighilte, agus iad ag súil go n-athródh intinn na n-údaras.

Shocraigh Mita píosa fáisnéise 25 nóiméad a chur le chéile faoin bhfeachtas frith-chinédheighilte, mar ba mhaith a thuig sí impleachtaí ciníocha an turais rugbaí sin. Toisc gur ábhar conspóideach a bhí i gceist, áfach bhí uirthi TVNZ a fhágáil chun an togra a chríochnú.

I ndeireadh na dála, mhair a scannán *Patu!* níos faide ná leathuair a chloig, agus b'é an chéad fadscannán fáisnéise stiúraithe ag bean sa Nua-Shéalainn. Bhí ar Mita agus a criú bheith an-seifitiúil agus misniúil le linn an taifeadadh agus an próiséis eagarthóireachta, mar de réir is a chuaigh cúrsaí in olcas idir lucht agóide agus fórsaí an stáit, bhí coimhlint foiréaganach eadarthu ar na sráideanna agus ar pháirceanna rugbaí. Ag scannánú le linn geimhreadh 1981, d'oibrigh go leor ceamaradóirí mór le rá ar an togra go deonach, mar chreid siadsan sa chúis.

Thóg sé dhá bhliain eile an togra a chríochnú, ceal airgid, agus mar go raibh na póilíní ag iarraidh an stoc scannáin a ghabháil agus úsáid a bhaint as mar fhianaise i gcoinne lucht na hagóide. Bhí ar an bhfoireann léirithe an stoc a chur i bhfolach thar lear ar feadh píosa. Cosúil le *Bastion Point: Day 507*, níl mórán tráchtíreacht i b*Patu!* agus ligtear leis na híomhánna an scéal a insint. Thacaigh an National Film Unit, an pobal Caitliceach, an NZ Film Commission agus an Arts Council leis an **scannán**.

Comment [r13]: Overview of *Patu!*, how and why it was made, and the challenges in bringing the footage to be edited.

Níor craoladh *Patu!* go forleathan sa Nua Shéalainn, ach d'éirigh go maith leis ag féile scannán Wellington i 1983 ainneoin sin, agus fuair sé ard-mholadh ag féilte idirnáisiúnta ar fud an domhain. Thagair an critic Peter Wells dó san iris *The Listener* mar “the hottest documentary ever made in New Zealand”. Ba rómhaith a thuig Mita go raibh iróin mór ag baint leis an tréimhse sin, nuair a bhí daoine geala na Nua Shéalainne ag déanamh agóide faoi chiníochas san

Afraic Theas, gan mórán a dhéanamh faoi chás na Māori ina dtír féin. Sa scannán, tugtar a gceart do lucht na hagóide ó chúlra éagsúla, áfach. Craoladh *Patu!* don chéad uair ar theilifís Nua-Shéalainn i 1991, deich mbliana tar éis an **turais**.

Comment [r14]: Reception of *Patu!* By the public, and its eventual broadcast on television.

Cáil Idirnáisiúnta

Tar éis di slán a fhágáil le Aotearoa (an Nua Shéalainn) i lár na n-ochtóidí, lean Mita leis an scannánaíocht, agus d'oibrigh sí ar son ealaíontóirí dúchasacha eile ar fud an domhain. Chaith sí seal mar Ollamh Cúnta [Assistant Professor] ag Acadamh na Meáin Chruthaitheach i Manoa, Hawai'i, ag múineadh scríbhneoireacht scrípte, aestheticí agus léiriúcháin. I 2005, d'eagraigh Mita an chéad fhéile scannán dúchasach ansin, Hawaiiinuiakea. Chabhair sí le déantóirí óga scannán, ag feidhmiú mar eagarthóir scrípte agus uaireanta mar léiritheoir ar roinnt tograí i tíortha éagsúla.

I measc a cuid cúramaí idirnáisiúnta, d'oibrigh sí ar phainéal 'Ón mBéadoideas go dtí an Scáileán: scríbhneoireacht scrípte dhúchasach' ag Féile Scannán Sundance, agus ba chomhairleoir í don chlár dúchasach leis an eagraíocht chéana. Ba phátrún í d'Fhéile Scannán ImagiNative i gCeanada, agus go dtí gur cailleadh í, bhí sí gníomhach mar chomhairleoir ar an Togra 'All Roads' de chuid National Geographic, eagraíocht a chothaíonn scannánadóirí dúchasacha agus ó chultúir mhionlaigh ó chuile charr den **domhan**.

Comment [r15]: Merata Mita's international contribution and mentor role for people in other countries.

D'fhill sí ar a tír dhúchais i 2008, ach níor stad sí riamh a bheith ag treabhadh an goirt sin i saol na scannán. Mar Pouwhakaruruhau [múinteoir] ag an bord forbartha scannánaíocht Māori (Te Paepae Ataata), chuidigh sí le go leor scannánadóirí a bhí ag iarraidh a gcuid saothar a fhorbairt. B'ise, chomh maith le Tainui Stephens agus an scannánadóir Māori cáiliúil Barry Barclay, a chum agus a cheap an smaoineamh sin in Aibreán 2003 le scannáin dhúchasacha a chur chun cinn. Is é aidhm Te Paepae Ataata, mar eite de NZFC (New Zealand Film Commission), ná cuidiú le scríbhneoirí fadscannán agus talann Māori a fhorbairt le go bhfaigheadh siad maoiniú a scannáin a dhéanamh agus a chur os comhair an **phobail**.

Comment [r16]: Her involvement with Te Paepae Ataata, and an explanation of its role for Irish readers.

Saothair dramatúla

Mar bhean óg, ghlac Mita páirt sa scannán *Utú* (1983), scéal díoltais agus idirdhealú na Māori agus na Pākehā sna 1870í. Ach b'fhearr léi bheith ar an taobh eile den cheamara. Le *Mauri* (1988), b'í an chéad bhean sa tír fadscannán dramatúil a scríobh agus a stiúrú. (Ciallaíonn an

teideal fórsa beatha.) B'í an dara bhean Māori lámh a bheith aici le stiúru fhadscannáin, mar roinn Ramai Haward agus a fear céile an cúram sin lena scannán *To Love a Maori* (1972).

Is scéal faoi phobal tuaithe é *Mauri*, a phléann díshealbhú agus imeacht na n-óg chuig na cathracha, ach an rud is tábhachtaí faoi ná saol an phobail a léiriú in ionad bheith róbhuartha faoi charactar faoi leith. Níl an scannán sin éasca ó thaobh struchtúr agus carachtar de, mar ní luíonn sé le gnáthchleachtadh scannáin. Tá an talamh agus an áit lárnach ann, agus is cumhachtach iad na radharcanna, go háirithe ag deireadh an **scéil**.

Comment [r17]: Overview of Merata Mita's drama features, her acting role in *Utu* and her experimental narrative structure in *Mauri*.

Le deireanaí

Tá scannáin fháisnéise déanta ag Mita faoin ealaíontóir artist Ralph Hotere (a d'oibrigh léi ar *Mauri*) (*Hotere*, 2001), agus faoi Rastafarians i Ruatoria (*The Dread*), chomh maith le físeán don cheoltóir Che Fu (*Waka*, 1999). Thóg *Waka* Físeáin Ceoil na Bliana leis i Hawai'i i 1999. Cuireadh faoi agallamh í fhéin don chlár fáisnéise teilifíse *Rangatira* (Taoiseach) i 1998.

Chabhraigh Mita leis an scríbhneoir/ stiúrthóir iomráite Taika Waititi lena fhadscannán nua *Boy* atá díreach tar éis teacht amach sna pictiúrlainn sa Nua Shéalainn, agus a bhfuil ráchairt mhór air. Bhí Mita páirteach mar chomh-léiritheoir i dteannta la Ainsley Gardiner, agus bhí an fhoireann an-sásta duine mar í a bheith mar threoraí sa phróiseas, cé go bhfuil an-taithí acusan as a stuam féin go dtí seo. Bhain an scannán seo an chéad duais do lucht féachana óg ag an bhFéile idirnáisiúnta i mBerlin i mí Feabhra.

Bhí Mita ag obair ar scannán fáisnéise faoi pháistí, '*Saving Grace*', agus ar script fhadscannán a dhréachtú as úrscéal iomráite Patricia Grace '*Cousins*'. Tá an scannán fáisnéise beagnach críochnaithe, ach ní raibh an togra dramatúil ach i dtús ré. Ní léir anois an mbeidh éinne eile an obair sin a fhorbairt, nó céard a tharlóidh **leis**.

Comment [r18]: Recent projects Merata Mita had been working on.

Tá seanfhocal Māori a chloistear go minic nuair a chailltear duine tábhachtach '*Kua hinga te tōtara nui i te wao-nui-a-Tāne*' (Tá crann maorga ard tar éis titim sa choill). Is cuí é sin a rá i gcás Merata Mita. Sheas sí do chearta sóisialta agus ealaíonta a pobail, agus bhí tionchar nach beag aici ar an tionscnamh scannáin in Aotearoa. Mar sin, is féidir macnamh ar sheanfocal eile: '*E kore te tōtara e tū noa i te pārae engari me tū i roto i te wao-nui-a-Tāne*' (Ní sheasann crann ard amuigh leis fhéin, ach i lár na coille). De bharr oibre Mita, agus iarrachtaí a comhghleacaithe, tá

neart crainn óga anois ag fás aníos san earnáil fhíse dúchasach. Murach éacht an ghlúin a chuaigh rompu, ní bheadh rudaí chomh forbartha is atá **dóibh**.

Comment [r19]: The standing and contribution of Merata Mita to Māori film, and her commitment to social justice.

Le linn di a bheith curtha faoi agallamh don chlár *'Nā Te Whatu Māori/ Through the Eye of the Māori* (1989), deir Mita go bhfuil an-tionchar ag a féiniúlacht Māori ar a cuid oibre: “Mar is rud lárnach do mo shaol bheith Māori, bíonn tionchar aige ar chuile fráma beo a scannánann **mé**.”

Comment [r20]: Quote from Merata Mita about how her identity is central to the way she sees things, and being Maori influences every frame of film she shoots.

Merata Mita 19 Meitheamh 1942 - 31 Bealtaine 2010

Haere e Hine, ki Hawaiki nui, ki Hawaiki roa, ki Hawaiki pamamao. Haere, haere, haere.

Ar dheis Dé go raibh a hanam dílis.

Liosta de chuid de na scannán a raibh baint ag Merata Mita leo:

- Boy (2010)
- The Land Has Eyes (2004)
- Hotere (2001)
- Dread (1996)
- The Shooting of Dominick Kaiwhata (1993)
- Mana Waka (1990)
- Mauri (1988)
- Patu! (1983)
- The Bridge: A Story of Men in Dispute (1982)
- Bastion Point: Day 507 (1980)
- Keskidee Aroha (1980)
- Karanga Hokianga Ki O Tamariki (1979)
- The Hammer and the Anvil (1979)

Is féidir breathnú ar *Patu!*, *Hotere*, *Ngā Pikitia Māori* (agallamh le Mita agus an scannán Mauri á dhéanamh aici) agus *Making Utu* ar shuíomh NZ Film Commission: www.nzonscreen.com.

Is féidir breathnú ar *Waka* ag: <http://www.youtube.com/watch?v=8RQjMjr8z44>